

Coláiste de hÍde



Bóthar Chaisleán Thigh Motháin, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24.
Fón 01 4513984 Facs 01 4527075 R-phost: eolas@colaistedehide.ie
Suíomh Idirlín www.colaistedehide.ie

Príomhoide: Deiric Mac an Bhaird.
Príomhoide Tánaisteach: Joy Ui Mhurchadha

2018

POLASAÍ TEAGMHAIS CHRITICIÚIL

Coláiste de hÍde

POLASÁI TEAGMHAIS CHRITICIÚIL

Réamhrá:

Ag tráth amháin nó tráth eile tarlaíonn eachtraí trámacha, mar bhás tobann dalta nó múinteora de bharr timpiste nó tinnis. Is éard atá i gceist leis an bpolasaí seo ná plean cuimsitheach scoile a fhorbairt ionas gur féidir deileáil go héifeachtach agus go tuiscineach leis an méid a thiteann amach i ndiaidh do theagmhas tarlú. Freisin bheadh sé mar aidhm ag an bpolasaí/bplean treoir a thabhairt, chun a chinntiú go dtéann cúrsaí ar ais mar is gnách chomh luath agus is féidir, agus go gcuirtear teorainn leis an tionchar a bhíonn ar an bhfoireann agus ar dhaltaí. Luíonn an polasaí seo, agus an bhéim ar shlándáil na ndaltaí agus na foirne inti, go dlúth le Ráiteas Scoile Choláiste de hÍde:

Tá sé mar aidhm againn i gColáiste de hÍde an bóthar a réiteach do gach aon dalta a lánacmhainn a bhaint amach le héascaíocht, go hintleachtúil, go fisiciúil, go spioradálta, go cultúrtha, go sóisialta agus go mothálach tré mheán na Gaeilge. Déantar iarracht ar leith ins an scoil féiniómhá dearfach a chothú i ngach aon duine, maille le meas a chothú iontu do gach duine, dá dtimpeallacht agus dá bpobal.

Sainmhíniú:

Cé go bhfuil sé deacair sainmhíniú cuimsitheach a thabhairt ar cad atá i gceist le teagmhas chriticiúil is éard atá ann go ginireálta ná aon teagmhas nó sraith eachtraí a threascaíonn gnáthmheicníochtaí déileála na scoile a chuireann isteach ar rith na scoile. Is iad seo a leanas samplaí a cheaptar ar chóir a luadh:

- Cailleadh duine de phobal na scoile trí bhás tobann, timpiste, tinneas foirceanta nó féinmharú.
- Timpiste ag baint le daltaí nó baill foirne ag an scoil nó lasmuigh di.
- Ionsaí fisiciúil ar dhalta(í) nó ar bhall/bhaill foirne nó briseadh isteach sa scoil.
- Dochar tromchúiseach d'fhoirgneamh na scoile de bharr dóiteáin, tuilte, loitiméireachta, srl.
- Duine de phobal na scoile a dhul ar iarraidh.
- Timpiste/tragóid sa phobal máguaird.

Tá traidisiún láidir cúram tréadach sa scoil agus ba chóir go luífeadh an polasaí seo leis i gcomhthéacs an bhéim atá curtha ar forbairt phearsanta na ndaltaí go fisiciúil agus go shiceolaíoch. Seo a leanas roinnt de na straitéisí agus struchtúir atá ag Coláiste de hÍde i gcur chuige coiscitheach in aghaidh eachtraí géarchéime:

- Cód Iompair
- Polasaí Frithbhulaíochta
- Ráiteas Cosaint Leanaí
- Polasaí Sábháilteachta agus Sláinte.
- Cothú agus cur chun cinn sláinte phearsanta agus intinne i ranganna OSPS.
- Córas Tréadach do dhaltaí na scoile.
- Foireann Tacaíochta Scoláirí

- Treoir agus tacaíocht do na daltaí sna ranganna teagasc críostaí, tionóil scoile, seirbhíse reiligiúnda srl.
- Tacaíocht chomhairleoireachta agus shíceolaíochta laistigh agus lasmuigh den scoil.

Croíchoiste Teagmhais Chriticiúil:

Chun an plean a chur i gcrích dá mba ghá leis agus ag leanúint dea-chleachtas aitheanta tá croíchoiste teagmhais chriticiúil bunaithe ag an scoil.

Cabhróidh an Coiste seo déileáil go tapa agus go héifeachtach leis an dteagmhas agus tabharfaidh sé treoir dúinn le cinntiú go gcoimeádtar smacht ar thionchar an teagmhais agus go dtugtar tacaíocht dos na daltaí agus na múinteoirí mar is cuí.

Beidh an polasaí agus pacáiste acmhainní cuí ag gach ball den Choiste ionas gur féidir leo cibé ról atá acu a chomhlíonadh go tapa agus go héifeachtach. Déanfaidh an Coiste athbhreithniú ar an bpolasaí uair sa bhliain.

Tascanna:

Trí na príomhthascanna a thagann chun cinn i ndiaidh do theagmhas titim amach a aithint beidh an scoil in ann rólanna agus na daoine a bheidh freagrach as tascanna éagsúla a shocrú. Tá teimpléad le tascanna gearrthéarmacha agus fadtéarmacha mar aguisín den pholasaí seo.

Beidh ról lárnach ag an bPríomhoide go ginearálta, agus beidh sé/sí freagrach as go leor de na tascanna. Ní mór tascanna áirithe riaracháin a dhéanamh ar bhonn leanúnach ionas go mbeidh cumarsáid thapa éifeachtach ann sa chás go dtarlódh teagmhas criticiúil. Aithnítear na rólanna seo a leanas mar chinn lárnach den Chroíchoiste Teagmhais Chriticiúil.

- **Ceannaire**
- **Teagmhálaí leis na Gardaí**
- **Teagmhálaí leis an bhFoireann**
- **Teagmhálaí leis na Daltaí**
- **Teagmhálaí le Tuismitheoirí**
- **Teagmhálaí leis an bPobal**
- **Teagmhálaí leis na Meáin Chumarsáide**
- **Riarthóir**

Ceannaire:

- Cuireann an ceannaire baill an chroíchoiste teagmhais chriticiúil ar an eolas agus glaonn cruinniú
- Déanann comhordú ar thascanna na foirne
- Déanann teagmháil leis an mBord Bainistíochta, an Bord Oideachais agus Oiliúna, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, an tSeirbhís Tacaíochta Shíceolaíochta (de chuid an BOO), an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, Coimisiún na Scrúduithe Stáit.
- Déanann teagmháil leis an gclann atá faoi mhéala.

Teagmhálaí leis na Gardaí:

- Déanann teagmháil leis na Gardaí
- Cinntíonn fíricí agus a gcruinneas sula roinntear an t-eolas.

Teagmhálaí leis an bhFoireann:

- Coimeádann foireann na scoile ar an eolas faoi fhíricí ag an tús agus go rialta i rith an lae.
- Tugann deis don bhfoireann ceisteanna a chur, mothúcháin a nochtadh agus tugann struchtúr an lae dóibh.
- Tugann comhairle don bhfoireann maidir le daltaí i mbaol a aithint.
- Tugann acmhainní don bhfoireann (ón bhfillteán Teagmhais Chriticiúil)
- Aithníonn agus tacaíonn le múinteoirí faoi bhrú.
- Cuireann foireann ar an eolas faoi sheirbhísí tacaíochta dóibh agus tugann uimhir an tSeirbhís Chúnaimh d'Fhostaithe dóibh.

Teagmhálaí leis na Daltaí:

- Bailíonn eolas ó na múinteoirí ranga maidir le daltaí a cheaptar atá faoi bhrú.
- Cuireann daltaí atá faoi bhrú in aithne do bhaill chúí eile den bhfoireann.
- Tugann acmhainní ón bhfillteán TC do dhaltaí.
- Coimeádann taifead do gach dalta atá feicthe ag seirbhísí seachtracha.
- Eagraíonn 'Seomra Machnaimh' agus féitheoireacht chúí a dhéanamh air mar atá sa phlean TC.

Teagmhálaí le Tuistí:

- Tugann cuairt ar ar an gclann faoi mhéala.
- Eagraíonn cruinniú le tuismitheoirí, más gá.
- Éascaíonn cruinniú ag freagairt ceisteanna, más ann dó.
- Bainistíonn 'foirmeacha ceadúnais' má gá leo de réir polasaí scoile.
- Cinntíonn go bhfuil litreacha samplacha réidh ar an gcóras scoile.
- Eagraíonn seomra do chruinnithe tuistí.
- Buaileann le tuistí aonaracha.
- Tugann ábhar cuí do thuismitheoirí (ón bhfillteán TC).

Teagmhálaí leis an bPobal:

- Eagraíonn agus coimeádann liosta reathach:
 - d'uimhreacha Tuistí ar Choiste na dTuistí
 - d'uimhreacha Seirbhísí Slándála & Eagraíochtaí eile cuí
- Déanann teagmháil le grúpaí seachtracha éagsúla le haghaidh tacaíocht agus tagairt bhreise.
- Cinntíonn go bhfuil aitheantas ceart/bailíoch ag na daoine atá ag tabhairt tacaíochta.
- Comhordaíonn na seirbhísí tacaíochta uilig bainteach leis an TC.
- Meabhraíonn do dhaoine seachtracha lipéid ainm a chaitheamh.
- Tugann cuntas reatha ar cé hiad na eagraíochtaí uilig atá bainteach leis an TC do bhaill foirne.

Teagmhálaí leis na Meáin Chumarsáide:

- Déanann machnamh ar na ceisteanna/hiarratais a d'fhéadfadh teacht chun cinn sula dtarlóidh aon teagmhas, agus conas freagairt dóibh, m.sh. daltaí ag dul faoi agallamh, grianghrafadóirí ar an áitreabh srl.
meáin a láimhseáil (agallaimh á chur ar daltaí, grianghrafanna á dtógáil sa scoil &rl)

- Déanann teagmháil más gá leis na heagraíochtaí cuí, m.sh. Coimisiún na Scrúduithe Stáit, Ceárdchumann na Múinteoirí srl.
- Scríobhann preasráiteas, tugann eolas agus agallaimh do na meáin (de réir mar a chomhaontaíonn lucht bainistíochta na scoile).

Riarthóir:

- Coimeádann uimhreacha gutháin reatha de
 - Thuistí/chaomhnóirí
 - Mhúinteoirí
 - Sheirbhísí Éigeandála
- Freagraíonn gutháin agus glacann le teachtaireachtaí
- Cinntíonn go bhfuil bunchóipeanna d'aon cháipéisí cuí ar fail
- Réitíonn agus seolann litreacha, rphoist agus facsanna
- Fótachóipeálann ábhar cuí nuair/mas gá
- Déanann taifead ar cad a thiteann amach.

Tá liosta de bhaill an chroíchoiste seo mar aon leis na rólanna atá acu in aguisín a théann leis an bpolasí seo.

Ag Cur Daltaí ar an Eolas:

Is féidir le foireann Choláiste de hÍde eolas faoi theagmhas chriticiúil a roinnt le daltaí má thugann an chlann faoi mheála cead sin a dhéanamh roimh ré. Roinnfear an fhaisnéis le daltaí chomh luath agus is féidir chun ráflaí agus clóstrácht a sheachaint.

I gcás dalta a fhaigheann bás nó a ghortaítear go dona, ba chóir an rang ina bhfuil an dalta sin a chur ar an eolas roimh aon rang eile.

Is féidir le gach múinteoir ranga eile a rang féin a chur ar an eolas faoi theagmhas chriticiúil. Tabharfar acmhainní ón bhfillteán TC dóibh agus beidh baill ón chroíchoiste teagmhais chriticiúil ar fáil chun tacú leo leis seo. Muna bhfuil an múinteoir compordach labhairt lena rang faoin eachtra ní gá dóibh labhairt leis an rang. Tuigtear áfach go bhfuil sé chun leasa na ndaltaí má bhíonn siad toilteanach seo a dhéanamh.

Ní thabharfar cead d'aon dalta imeacht ón scoil gan tuismitheoir/caomhnóir an dalta a bhailiú agus caithfidh an dalta síniú amach ag Oifig na scoile.

Seomraí Teagmhais Chriticiúil:

I gcás teagmhais chriticiúil úsáidfear na seomraí seo:

- An Seomra Mór - chun bualadh leis an fhoireann agus le grúpaí daltaí
- Oifig an Oifigigh Teagmhála Baile is Scoile - chun bualadh le tuistí agus leis na meáin chumarsáide
- An Leabharlann - le haghaidh seisiún le grúpaí daltaí
- Oifigí na gCinn Bhliana - le haghaidh seisiún duine le duine le daltaí
- Oifig an Chomhairleora Treorach - le haghaidh seisiún duine le duine le daltaí
- Oifig an Phríomhoide Thánaistigh - le haghaidh cuairteoirí eile.

Cuairteoirí:

Beidh ar chuairoteoirí – tuismitheoirí agus baill de na meáin chumarsáide ina measc – dul go dtí Oifig na scoile, iad féin a chur in aithne agus an chúis a bhfuil siad ansin a mhíniú. Ní bheidh cead ag aon chuairteoir dul áit ar bith eile sa scoil ach amháin le cead ón bhainistíocht.

Coinneáil Taifead:

I gcás teagmhais coinneoidh gach ball den chroíchoiste taifid ar ghlaonna teileafóin a chuirtear agus a fhaightear, litreacha, ríomhphoist agus téacsanna a sheoltar agus a fhaightear, cruinnithe a thionólfar, daoine a mbuailfear leo, idirghabhálacha a úsáidtear.

Tá sé de dhualgas ar aon mhúinteoir a eagraíonn turas thar lear liosta de na nithe seo a leanas a chur le chéile:

- ainmneacha daltaí agus baill foirne a bheas ar an turas,
- uimhreacha fóin thustí na ndaltaí agus bhaill foirne a bheas ar an turas
- eolas ar riachtanais shláinte na daltaí a bheas ar an turas.

Rúndacht agus Dea-chliú:

Tá d'fhreagracht ar phobal Choláiste de hÍde – foireann, daltaí agus tuistí – príobháideacht agus dea-chliú daoine a bhfuil baint acu le teagmhas ar bith a chosaint agus beidh siad ar an airdeall faoi na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ag ráitis phoiblí ar bith. Tabharfar tús áite do riachtanais na ndaoine atá ag fulaingt de bharr aon eachtra géarchéime.

Ní úsáidtear an téarma 'féinmharú' ach amháin i gcás go bhfuil eolas deimhnithe ann gur féinmharú ba chúis leis an mbás agus go bhfuil an teaghlach sásta le húsáid an téarma sin. D'fhéadfaí na frásaí 'bás tragóideach' nó 'bás tobann' a úsáid ina áit. Ní úsáidtear an téarma 'dúnmharú' go ndeimhneofar go dleathach go ndearnadh dúnmharú. D'fhéadfaí an téarma 'bás foreígneach' a úsáid ina áit.

Cuirfidh an bhainistíocht i gcuimhne do dhaltaí, do thuistí agus don fhoireann gan labhairt faoin teagmhas ar na meáin shóisialta nó labhairt leis na meáin chumarsáide.

Na Meáin Chumarsáide:

D'fhéadfadh go dtiocfadh fiosrúchán ó na meáin chumarsáide i leith eachtra géarchéime a tharlaíonn. Is é/í an Príomhoide, nó duine ainmnithe aige/aici, amháin a labhróidh leis na meáin. Ullmhóidh sé/sí preasráiteas scríofa atá gonta faoin eachtra (fillteán TC) le tabhairt dóibh.

Ní thógfaidh daltaí, tuistí nó baill foirne orthu féin labhairt leis na meáin ar láthair na scoile. Ní bheidh cead ag iriseoir nó lucht ceamara a bheith ar láthair na scoile gan cead ón mBainistíocht.

Comhairliúchán agus Cumarsáid Maidir leis an bPlean:

Bhí ionchur ag foireann na scoile, Comhairle na nDaltaí agus Cairde de hÍde i bhforbairt an pholasaí seo.

Cuireadh beartas agus plean deiridh ár scoile i ndáil le freagairt do theagmhais chriticiúla i láthair na foirne uile.

Crochfar suas liosta d'uimhreacha éigeandála (ón bhfillteán TC) sa seomra foirne, in oifig an Phríomhoide, oifig an Phríomhoide Thánaistigh, agus in Oifig na scoile. Tá cóip den pholasaí seo ag gach ball den fhoireann teagmhais chriticiúil.

Tá cóip phearsanta den phlean ag gach ball den fhoireann teagmhais chriticiúil.

Cuirfidh (ainm an bhaill foirne) baill foirne nua agus shealadacha ar an eolas faoi mhionsonraí an phlean.

Nuashonrófar an plean go bliantúil.

D'fhaomh Bord Bainistíochta Choláiste de hÍde an polasaí seo.

Sínithe: _____

Sínithe:

(Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta)

(Príomhoide)

Dáta: _____

Dáta Athbhreithnithe: _____

Liosta Teagmhálaithe Éigeandála

I gcás éigeandála

Fón: 999 nó 112

An Garda Síochána

Tamhlacht 01 6666000
Gráinne Mc Partlin – Garda Pobail 01 6666020

An Bhriogáid Dóiteáin

Stáisiún Thamhlachta 01 2224000

Ospidéal

Ospidéal Thamhlachta 01 4142000
Ospidéal Naomh Séamas 01 4103000
Ionad Eolais Náisiúnta Nimheanna, Ospidéal Beaumont 01 8092166
Ospidéal Mhuire na Leanaí Crom Ghlinn 01 4096100

Dochtúirí Ginearálta Áitiúla

Dr. Andrew Jordan, Clinic Aylesbury 01 4521907
Dr. Andrew Coady, Cill na Manach 01 4511886
Dr. Aodhgan O'Reilly/Deborah Mc Grane, Cill na Manach 01 4520890
Dr. Derek Daly, Ionad Siop. Chaisleáin Thigh Motháin 01 4599248 / 01 4539333
Dr. Roland Ling, Seanbhábhún 01 4511852 / 086 2540400
Ionad Sláinte Chill an Ardáin (Dr. Derry Daly, Laura Durkin) 01 4626265

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Ionad Cúraim Phríomhúil Thamhlachta 076 6957601
Lucena, Tamhlacht 01 4526333
Oifigeach Acmhainne um Fhéinmharú a Chosc 087 9010541
Túsla 01 7718500
Mary Mercer Centre, Ráth Miontáin 01 4585700

Oideachas

Coimisiún na Scrúduithe Stáit 090 6642700
An Roinn Oideachais agus Scileanna 01 8896400
Cigire Scoile
Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dún Laoghaire 01 4529600
An tSeirbhís Tacaíochta Síceolaíochta, BOOACDL 01 4598446
An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais 0761 108660
TÚSLA (An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais) 01 5313330
Aontas Múinteoirí Éireann 01 4922588
Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire 01 6040160
IMPACT 01 8171500

Sagairt/Cléir

Paróiste Naomh Aonghusa (Caitliceach) 01 4513757
Paróiste Naomh Maelruain (Eaglais na hÉireann) 01 4626006

Seirbhísí Cúnaimh

An tSeirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe	1800 411057
Jigsaw Tamhlacht	01 5380087
Pieta House Tamhlacht 01 4624792	Baile Formaid 01 6235606
Crosscare Teen Counselling	01 5574705
Dublin Rape Crisis Centre	1800 778888
Childline	1800 666666
Teenline	1800 833634

Sláinte agus Slándáil

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta	01 6147000
Comhairle Contae Átha Cliath Theas	01 4149000

Aguisín

Ar an Croíchoiste Teagmhais Chriticiúil Choláiste de hÍde 2018-2019 tá:

- An Príomhoide
- An Príomhoide Tánaisteach
- Cinn Bhlianta
- Comhairleoir Treorach
- Múinteoir Tacaíocht Foghlama
- Oifigeach Teagmhála Baile, Scoile is Pobail
- An Rúnaí

Ról	Ainm
Ceannaire	Príomhoide
Teagmhálaí leis na Gardaí	Príomhoide
Teagmhálaí leis an bhFoireann	Príomhoide Tánaisteach
Teagmhálaí leis na Daltaí	Ceann Bliana Comhairleoir Treorach Múinteoir Tacaíocht Foghlama
Teagmhálaí le Tuistí	Príomhoide Príomhoide Tánaisteach Oifigeach Teagmhála Baile, Scoile is Pobail
Teagmhálaí leis an bPobal	Rúnaí Príomhoide Príomhoide Tánaisteach Comhairleoir Treorach
Teagmhálaí leis na Meáin Chumarsáide	Príomhoide
Riarthóir	Rúnaí

Teimpléad Bainistíochta Teagmhais Chriticiúil

Gníomhartha Gearrthéarmacha – Lá 1

Tasc	Ainm
Bailigh eolas cruinn	Ceannaire
Tionóil cruinniú den Chroíchoiste Teagmhais Chriticiúil (CTC) – sonraigh an t-am agus an áit go soiléir	
Déan teagmháil leis na gníomhaireachtaí seachtracha	
Déan socruithe le maoirseacht a dhéanamh ar dhaltaí	
Tionóil cruinniú foirne	Foireann ar fad
Comhaontaigh sceideal an lae	Gach ball den chroíchoiste
Cuir daltaí ar an eolas – (d’fhéadfadh sé gur ghá an scéal a insint dodhlúthchairde agus do dhaltaí a bhfuil deacrachtaí foghlama acu astu féin)	
Cuir liosta de dhaltaí leochaileacha i dtoll a chéile	
Déan teagmháil leis an teaghlach a fágadh faoi bhrón/tabhair cuairt air	
Ullmhaigh agus aontaigh ráiteas do na meáin agus déileáil leis na meáin chumarsáide	
Cuir tuistí/caomhnóirí ar an eolas	
Tionóil cruinniú faisnéise den fhoireann ag deireadh an lae	

Gníomhartha Meántéarmacha (Lá 2 agus na Laethanta ina dhiaidh sin)

Tasc	Ainm
Tionóil cruinniú den CTC chun súil siar a chaitheamh ar ar tharla ar lá 1	Ceannaire
Buail le gníomhaireachtaí seachtracha	

Buail leis an bhfoireann ar fad	
Eagraigh tacaíocht: do dhaltá don fhoireann do thuistí/chaomhnóirí	
Tabhair cuairt ar na daoine atá gortaithe	
Téigh i dteagmháil leis an teaghlach ar bhain an teagmhas dó maidir le socrúithe sochraide	
An bhfreastalóidh lucht na scoile ar an tsochraid? An mbeidh siad páirteach inti?	
Déan cinneadh faoin scoil a dhúnadh	An Bord Bainistíochta

Obair Leantach tar éis 72 uair a chloig

Tasc	Ainm
Déan monatóireacht ar dhaltá lena chinntiú nach bhfuil siad fós trína chéile	
Coinnigh i dteagmháil le gníomhaireachtaí maidir le cásanna a chur ar aghaidh	
Déan pleananna don tráth a dtiocfaidh an dalta/na daltaí a fágadh faoi bhrón ar ais	
Déan pleananna le ‘bosca cuimhní’ a thabhairt don teaghlach a fágadh faoi bhrón	
Déan cinneadh ar shearmanais agus ar laethanta cuimhneacháin	
Déan athbhreithniú ar an bhfreagairt ar an teagmhas agus leasaigh an plean	

--	--